C/2026/5124

1.10.2026

**Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)**

**Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach (GECC)**

*(Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19)*

(C/2026/5124)

I. 1) **Ainm, seoladh agus pointe teagmhála**

**Ainm cláraithe:** GECT Terre di accoglienza e libertà a r.l.

**Oifig chláraithe:** Via Dario Campana, 64, 47922 Rimini, AN IODÁIL

**Pointe teagmhála:** Pierpaolo Deluigi

I. 2) **Fad na grúpála:**

**Fad na grúpála: tréimhse éiginnte**

**Dáta clárúcháin:** 3.8.2026

**Dáta foilsithe:** 3.8.2026

II. **CUSPÓIRÍ**

(a) folláine shaoránaigh an limistéir lena mbaineann a chur chun cinn agus a gcáilíocht saoil a fheabhsú trí bhreis forbartha a dhéanamh ar na naisc eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha idir pobail an dá limistéar agus tríd an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú;

(b) deiseanna cistiúcháin a thapú chun gur féidir freastal ar na riachtanais chríochacha agus institiúideacha lena mbaineann trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha agus gníomhaíochtaí tosaíochta a leagan amach ar mhaithe le forbairt straitéiseach an limistéir;

(c) tacú leis na leasanna agus na comhlachtaí áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil baint acu le próiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus iad a chosaint, a fhad a bhaineann leis na beartais réigiúnacha agus earnála atá forbartha ag an Aontas;

(d) comhairliúchán, idirphlé agus díospóireacht pholaitiúil a áirithiú agus a éascú, chomh maith le comhroinnt na dtosaíochtaí atá i gceist sa limistéar trasteorann agus comhleanúnachas na dtosaíochtaí sin a áirithiú agus a éascú;

(e) cur chun feidhme tionscadal straitéiseach a bhaineann leis na téamaí a chumhdaítear le sainordú GECC a éascú, sin agus comhar a chur chun cinn i ngach réimse a bhaineann le forbairt chomhchuí na críche;

(f) bacainní ar an gcomhar trasteorann sa limistéar feidhmiúil ina bhfuil an GECC ag feidhmiú a chur as an tslí nó a laghdú.

III. **SONRAÍ BREISE MAIDIR LE hAINM NA GRÚPÁLA**

**Ainm i mBéarla:** -

**Ainm i bhFraincis:** -

IV. **BAILL**

IV. 1) **Líon iomlán na mball sa ghrúpáil:** 2

IV. 2) **Náisiúntachtaí na mball:** IT

IV. 3) **Faisnéis faoi na baill** [1]

**Ainm oifigiúil:** Cúige Rimini

**Seoladh poist:** Via Dario Campana, 64, 47922 Rimini, AN IODÁIL

**Seoladh ríomhphoist:** presidenza@provincia.rimini.it

**Cineál ballraíochta:** Údarás áitiúil

[1] Cuir isteach an fhaisnéis a theastaíonn i gcás gach baill.

**Ainm oifigiúil:** Eccellentissima Camera della Repubblica di San Marino
**Seoladh poist:** Piazza della Libertà, 47890 Città di San Marino, AN IODÁIL
**Seoladh ríomhphoist:** info@esteri.sm
**Cineál ballraíochta:** Tríú tír nó críoch thar lear